



CONARTHAÍ SOLÁTHAIR PHOIBLÍ

Déanann údaráis phoiblí conarthaí a thabhairt i gcrích chun soláthar oibreacha agus soláthar seirbhísí a áirithiú. Léirítear leis na conarthaí sin, arb ionann iad agus méid trádála de EUR 2 448 billiún, go bhfuil an soláthar poiblí san Aontas Eorpach ina mhórspreagadh don fhás eacnamaíoch, do chruthú post agus do nuálaíocht. Leis an bpacáiste um sholáthar poiblí, a ndearna an Pharlaimint agus an Chomhairle é a ghlacadh in 2014, cuirtear EUR 2.88 billiún le OTI AE gach bliain. Fairis sin, mar thoradh ar threoracha AE maidir le soláthar poiblí, tháinig méadú ó níos lú ná EUR 200 billiún go dtí tuairim is EUR 525 billiún ar luach iomlán na dámhachtana.

AN BUNÚS DLÍ

Airteagail 26, 34, 53(1), 56, 57, 62 agus 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

CUSPÓIRÍ

Tá ról tábhachtach ag conarthaí soláthair phoiblí maidir le geilleagar na mBallstát, a meastar gur fiú níos mó ná 16% de OTI an Aontais é. Sula ndearnadh reachtaíocht an Chomhphobail a chur chun feidhme, níor bronnadh ach 2% de chonarthaí soláthair phoiblí ar ghnóthais neamhnáisiúnta. Tá ról lárnach ag na conarthaí sin in earnálacha áirithe (earnáil tógála, earnáil na n-oibreacha poiblí, an earnáil fuinnimh, earnáil na Teileachumarsáide agus an tionscal trom) agus is saintréith riamh dóibh é tosaíocht a thabhairt do sholáthraithe náisiúnta, bunaithe ar rialacha reachtúla nó riaracháin. Bhí an easpa iomaíochta oscailte agus éifeachtaí sin ina bacainn ar an margadh aonair a chur i gcrích — agus ba chúis í le hardú ar na costais d'údaráis chonarthaí agus le bac ar fhorbairt an iomaíochais i bpríomhthionscail áirithe.

Trí phrionsabail an mhargaidh inmheánaigh a chur i bhfeidhm maidir leis na conarthaí sin, áirithítear go ndéantar acmhainní eacnamaíocha a leithdháileadh ar bhealach níos fearr agus go ndéantar cistí poiblí a úsáid ar bhealach níos réasúnaí, agus táirgí agus seirbhísí údaráis phoiblí a fháil ar an gcáilíocht is airde agus ar an bpraghas is fearr, faoi dhálaí iomaíochta níos géire. Trí thosaíocht a thabhairt do na gnóthais is fearr feidhmíocht sa mhargadh Eorpach, spreagtar iomaíochas cuideachtaí Eorpacha, agus atreisítear an urraim do phrionsabail na trédhearcachta, na córa comhionainne agus na héifeachtúlachta, agus laghdaítear baol na calaoise agus na caimiléireachta dá réir.



A BHFUIL BAINTE AMACH

Ghlac an Comhphobal reachtaíocht chun rialacha náisiúnta a chomhordú, lena bhforchuirtear oibleagáidí maidir le glaonna ar thairiscintí a fhógairt mar aon leis na critéir oibiachtúla a úsáidtear chun tairiscintí a ghrinnschrúdú. Tar éis achtanna normatacha éagsúla a ghlacadh ó na 1960idí i leith, chinn an Comhphobal reachtaíocht an tsoláthair phoiblí a shimpliú agus a chomhordú agus ghlac sé ceithre threoir chun na críche sin^[1]. Cumascadh trí cinn de na treoracha sin, agus an simpliú agus an tsoiléireacht mar aidhm leis sin, i dTreoir 2014/18/CE maidir le conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhísí poiblí agus i dTreoir 2004/17/CE maidir le hearnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist. Le [Treoir 2009/81/CE](#) tugadh isteach rialacha sonracha maidir leis an soláthar cosanta, d'fhonn rochtain ar mhargaí cosanta Ballstát eile a éascú.

ATHCHÓIRIÚ

In 2014, rinne an Pharlaimint agus an Chomhairle pacáiste nua um sholáthar poiblí a ghlacadh agus áirítear ann [Treoir 2014/24/AE](#) maidir le soláthar poiblí (lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE) agus [Treoir 2014/25/AE](#) maidir le soláthar a bheith á dhéanamh ag eintitis atá ag feidhmiú in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE). Déantar an pacáiste nua um sholáthar poiblí a chomhlánú le treoir nua maidir le lamháltais ([Treoir 2014/23/AE](#)), lena mbunaítear creat iomchuí le haghaidh lamháltais a dhámhachtain, ní a áirithíonn go bhfuil rochtain éifeachtach agus neamh-idirdhealaitheach ar mhargadh AE ag gníomhaithe eacnamaíocha uile AE, agus tugtar breis soiléireachta leis maidir leis an dlí atá i bhfeidhm.

Tugtar aird ar an ngné sheachtrach den soláthar poiblí freisin tríd an togra le haghaidh rialachán ón gCoimisiún ó 2012 lena leagtar síos rialacha maidir le rochtain earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargadh inmheánach soláthair phoiblí AE agus maidir le nósanna imeachta a thacaíonn leis an gcaibidlíocht i leith rochtain earraí agus seirbhísí AE ar mhargaí soláthair phoiblí tríú tíortha.

I mí Aibreáin 2012, [ghlac an Coimisiún straitéis le haghaidh ríomh-sholáthar](#)^[2] agus é mar aidhm leis sin lán-ríomhsholáthar a bhaint amach faoi lár 2016. An 16 Aibreán 2014, ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle [Treoir 2014/55/AE](#) maidir le sonrascú leictreonach i gcás an tsoláthair phoiblí^[3].

An 3 Deireadh Fómhair 2017, d'fhoilsigh an Coimisiún dhá theachttaireacht: 'An soláthar poiblí a chur ag obair san Eoraip agus don Eoraip' ([COM\(2017\)0572](#)) agus 'Borradh a chur faoin infheistíocht trí mheasúnú deonach ex-ante a dhéanamh ar na gnéithe soláthair i gcás mórthionscadail bhonneagair' ([COM\(2017\)0573](#)). Chun breis feabhais a chur ar an soláthar poiblí san Aontas Eorpach (an pacáiste um an straitéis maidir le soláthar poiblí), d'fhoilsigh sé [moladh](#) freisin dar teideal 'maidir le proifisiúnú an tsoláthair phoiblí — Struchtúr a dhéanamh do proifisiúnú an tsoláthair phoiblí'.

[1]Treoracha 92/50/CEE, 93/36/CEE, 93/37/CEE agus 93/38/CEE.

[2][COM\(2012\)0179](#).

[3]IO L 133, 6.5.2014, lch. 1.



SAINMHÍNITHE

Is conarthaí le haghaidh leas airgid iad ‘conarthaí poiblí’, a thugtar i gcrích idir oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó agus údarás conarthach amháin nó níos mó, agus a bhfuil sé mar chuspóir acu oibreacha a chur i gcrích, táirgí a sholáthar nó seirbhísí a chur ar fáil.

Is éard is ‘údarás chonarthacha’ ann ná na húdaráis stáit, na húdaráis réigiúnacha nó na húdaráis áitiúla, comhlachtaí atá faoi rialú an dlí phoiblí, nó comhlachais ina bhfuil ceann amháin nó níos mó de na húdaráis sin nó ceann amháin nó níos mó de na comhlachtaí sin atá faoi rialú an dlí phoiblí.

Is conarthaí le haghaidh leas airgid iad ‘conarthaí poiblí’ a thugtar i gcrích ar shlí is go gcuireann údarás conarthach amháin nó níos mó nó entiteas conarthach amháin nó níos mó de chúram ar oibrítheoir eacnamaíoch amháin nó níos mó oibreacha a chur i gcrích nó seirbhísí a sholáthar agus a bhainistiú, bíodh an breithniú air sin bunaithe ar an gceart chun leas a bhaint as na hoibreacha nó as na seirbhísí is cuspóir don chonradh, agus air sin amháin, nó ar an gceart sin maille le híocaíocht.

NÓS IMEACHTA SOLÁTHAIR PHOIBLÍ

Ní mór do gach nós imeachta prionsabail dhlí AE a chomhlíonadh, go háirithe an tsaorghluaiseacht earraí, an tsaoirse bhunaíochta agus an tsaoirse seirbhísí a sholáthar, mar aon leis na prionsabail a eascraíonn astu, amhail cóir chomhionann, neamh-idirdhealú, aitheantas frithpháirteach, comhréireacht agus trédhearcacht. Ní mór iomaíocht, rúndacht agus éifeachtúlacht a urramú freisin.

A. Cineálacha nós imeachta

Ní mór do ghlaonna ar thairiscintí a bheith comhfhreagrach le cineálacha éagsúla nós imeachta, a úsáidtear ar bhonn córas tairseach, mar aon leis na modhanna chun luach measta gach conartha soláthair poiblí a ríomh agus na tásca maidir leis na nósanna imeachta a úsáidtear mar a luaitear sna treoracha. Sa ‘nós imeachta oscailte’, féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch ar spéis leis é tairiscint a thíolacadh. Sa ‘nós imeachta srianta’, ní fhéadfaidh ach iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh tairiscint a thíolacadh. Sa ‘nós imeachta iomaíoch lena ngabhann idirbheartaíocht’, féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch iarraidh a thíolacadh ar a bheith rannpháirteach, ach ní fhéadfaidh ach iarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh, tar éis measúnú ar an bhfaisnéis arna soláthar, tairiscint tosaigh a thíolacadh. Sa nós imeachta maidir le ‘hidirphlé iomaíoch’ féadfaidh aon oibreoir eacnamaíoch iarraidh a thíolacadh chun páirt a ghlacadh, ach ní fhéadfaidh ach na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh a bheith páirteach san idirphlé. Baintear úsáid as i gcás nach bhfuil údarás chonarthacha in ann na bealaí a shainiú trína ndéanfaí a gcuid riachtanas a chomhlíonadh ná measúnú a dhéanamh ar an réiteach a d’fhéadfadh an margadh a chur ar fáil. Déantar an conradh a dhámhachtain ar bhonn an chóimheasa is fearr idir praghas agus cáilíocht agus ar an mbonn sin amháin. Cruthaíodh nós imeachta nua, ar a dtugtar an ‘chomhpháirtíocht nuálaíochta’, do chásanna ina bhfuil gá le réiteach nuálach nach bhfuil ar fáil cheana ar an margadh. Cinneann an t-údarás conarthach an chomhpháirtíocht nuálaíochta a chur ar bun le comhpháirtí amháin nó le roinnt comhpháirtithe atá i mbun gníomhaíochtaí taighde



agus forbartha ar leithligh, chun caibidlíocht a dhéanamh ar réiteach nuálach nua le linn an nós imeachta tairisceana. Ar deireadh, i gcásanna agus imthosca sonracha, is féidir le húdaráis conarthacha conarthaí poiblí a dhámhachtain trí nós imeachta idirbheartaithe gan é a fhoilsiú roimh ré.

B. Na critéir faoina ndéantar conradh a dhámhachtain

Ní mór do na húdaráis chonarthacha dámhachtain na gconarthaí poiblí a bhunú ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch . Leis an athchóiriú ar na rialacha soláthair phoiblí, tugadh isteach an critéar dámhachtana nua sin bunaithe ar phrionsabal ‘na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch’ (an critéar maidir le ‘MEAT’), a bhfuil sé mar aidhm leis an luach is fearr ar airgead a áirithiú (seachas an praghas is ísle), i.e. tugann sé aird ar cháilíocht, mar aon le praghas nó costais saolré, na hoibre, an earra nó na seirbhíse atá i gceist. Leagann an critéar sin níos mó béime ar cháilíocht, ar an gcomhshaol, ar chúinsí sóisialta, agus ar an nuálaíocht.

C. Rialacha maidir le foilsiú agus trédhearcacht

Ní mór do nósanna imeachta soláthair an trédhearcacht riachtanach a áirithiú ag gach céim. Baintear é sin amach go háirithe trí ghnéithe bunriachtanacha de nósanna imeachta soláthair a fhoilsiú agus trí fhaisnéis faoi iarrthóirí agus faoi thairgeoirí a chraobhscaoileadh, agus trí doiciméadacht leormhaith mar leis na céimeanna uile den nós imeachta a sholáthar.

D. Leigheasanna

Chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar na rialacha soláthair phoiblí ag údaráis chonarthacha, leis an Treoir maidir le Leigheasanna ([Treoir 2007/66/CE](#)), déantar foráil do chóras athbhreithnithe éifeachtach trína gcumhdaítear teoracha soláthair phoiblí agus an treoir lamhátais araon, agus tugtar isteach dhá ghné thábhachtacha leis an Treoir. Le linn na tréimhse ‘neamhghníomhaíochta’ - tar éis chinneadh na dámhachtana - bíonn an deis ann do thairgeoirí scrúdú a dhéanamh ar an gcinneadh agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh cé acu tús a chur le nós imeachta um athbhreithniú nó gan tús a chur leis. Le linn na tréimhse sin ina bhfuil 10 lá ar a laghad, ní féidir leis na húdaráis chonarthacha an conradh a shíniú.

E. Gnéithe eile de sholáthar poiblí

Leis na rialacha nua, déantar an soláthar poiblí glas a chur chun cinn trí chur chuige costála saolré agus tríd an bhféidearthacht tagairt a dhéanamh do lipéad sonrach nó d’écilipéad. Tá tábhacht le gnéithe sóisialta freisin, agus áirítear leis na teoracha forálacha sonracha maidir le cuimsiú sóisialta, critéir shóisialta agus fochonraitheoireacht, mar aon le córas simplithe le haghaidh conarthaí seirbhísí. Is gnéithe lárnacha freisin iad an laghdú ar mhaorlathas agus an feabhsú ar rochtain FMBanna ar sholáthar poiblí. Leis na rialacha nua, tugtar isteach ‘an Doiciméad Aonair Eorpach maidir le Soláthar’ mar aon le húsáid na bhféindearbhuíthe. Déanfar rochtain FMBanna ar sholáthar poiblí a fheabhsú tríd an bhféidearthacht conarthaí a roinnt ina míreanna agus trí theorainn a chur le ceanglais an láimhdeachais bhliantúil. Leis na teoracha nua, déantar éigeantach é ríomh-sholáthar a úsáid ar bhealach forásach agus leagtar síos iontu rialacha sonracha maidir le teicnící agus ionstraimí don soláthar leictreonach agus comhiomlánaithe, amhail comhaontuithe réime, córais



dhinimiciúla cheannaigh, ceantanna leictreonacha, etc. Áirítear sna teoracha cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le caidrimh intíre, lena gceadaítear d'údaráis chonarthaigh, faoi choinníollacha áirithe, conradh a dhámhachtain ar ghnóthas gan an nós imeachta soláthair a chur i bhfeidhm. Ar deireadh, leis na rialacha nua neartaítear an reachtaíocht atá i bhfeidhm maidir le coinbhleachtaí leasa, fabhraíocht agus éilliú.

LAMHÁLTAIS

Tá na rialacha nua maidir le lamháltais i bhfad níos sonraí ná na rialacha lena rialaítear soláthar poiblí ginearálta.

Níl feidhm ag an treoir ach amháin maidir le conarthaí lamháltais de luach atá comhionann le EUR 5 mhilliún, nó níos mó ná EUR 5 mhilliún, agus déantar cineálacha áirithe lamháltas a eisiamh ó raon feidhme na teorach, lena n-áirítear lamháltais a bhaineann le huisce óil. Murab ionann agus na nósanna imeachta ginearálta um sholáthar poiblí, tá saoirse ag údaráis chonarthaigh struchtúr a chur ar an nós imeachta le haghaidh conarthaí lamháltais de réir caighdeán náisiúnta nó de réir a roghanna féin. Ní mór dóibh cloí le rialacha bunúsacha áirithe amhail: fógra lamháltais a fhoilsiú, faisnéis maidir le híoscanglas a sholáthar, na critéir dhámhachtana, ceanglais sheanbhunaithe a chomhlíonadh, agus iarrthóirí nach ndéanann na ceanglais sin a chomhlíonadh etc, na hiarrthóirí sin a dhíbirt. Ina theannta sin, ní féidir le hábhar an lamháltais, na critéir dhámhachtana ná na híoscanglais a bheith faoi réir caibidlíochtaí maidir le nósanna imeachta um dhámhachtain lamháltas. Tá teorainn le conarthaí lamháltais ó thaobh ama de agus ní mór an cheist maidir le cé acu a fhéadfar síneadh a chur leo nó nach bhféadfar a mheas faoin nós imeachta le haghaidh modhnuithe ar chonarthaí.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Sular ghlac sí an pacáiste um sholáthar poiblí an 15 Eanáir 2014, ghlac an Pharlaimint roinnt rún, lena n-áirítear rún an 18 Bealtaine 2010 maidir le forbairtí nua sa soláthar poiblí, rún an 12 Bealtaine 2011 maidir le rochtain chomhionann ar mhargaí na hearnála poiblí in AE agus i dtríú tíortha, agus rún an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le nuachóiriú an tsoláthair poiblí. Sna rúin sin, thacaigh an Pharlaimint, go háirithe, le bearta simpliúcháin, agus d'iarr sí go gcuirfí feabhas ar an deimhneacht dhlíthiúil. Mheas sí nár cheart gurb é an praghas is saoire an t-aon chritéir a mheastar agus conarthaí á mbronnadh, ach gur cheart an luach is fearr, lena n-áirítear critéir inbhuanaitheachta (amhail costais saolré agus critéir chomhshaoil agus shóisialta), a chur san áireamh freisin.

Maidir leis an ngníomhaíocht i ndáil le reachtaíocht a rinne an Pharlaimint le deireanas, léirítear i dtaighde go meastar go mbeidh sí faoi deara EUR 2.88 billiún san iomlán in aghaidh na bliana — ó thaobh sochair dhinimiciúla agus sochair eacnamaíocha eile, go príomha. Fairis sin, mar thoradh ar threoracha AE maidir le soláthar poiblí, tháinig



méadú ar luachanna na dámhachtana iomláine ó níos lú ná EUR 200 billiún go dtí tuairim is EUR 525 billiún^[4].

Mar chuid de na hiarrachtaí chun breis feabhais a chur ar an soláthar poiblí san Aontas Eorpach, in 2018, ghlac an Pharlaimint rún mar leis an bpacáiste um an straitéis maidir le soláthar poiblí, inar iarradh go gcuirfí feabhas ar ghlacadh teicneolaíochtaí digiteacha i gcomhthéacs an tsoláthair poiblí san Aontas, go mbeadh bearta éascaithe ann do FBManna agus d'fhiontair an gheilleagair shóisialta, go gcuirfí feabhas ar rochtain sholáthair AE ar mhargaí soláthair poiblí na dtríú tíortha, agus go ndéanfaí ceannaitheoirí a phroifisiúnú^[5].

Mariusz Maciejewski / Christina Ratcliff / Andreea Dobrita
04/2019

[4]Staidéar dar teideal 'Cabhrú leis an bhFás: an Soláthar Poiblí san Aontas Eorpach. Tairbhí eacnamaíocha a bhaint amach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí' (2019), arna ullmhú ag an Roinn Beartais A agus Ollscoil na Mumhan don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, [http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2018/631048/IPOL_STU\(2018\)631048_EN.pdf](http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2018/631048/IPOL_STU(2018)631048_EN.pdf)

[5]Staidéar dar teideal 'Cabhrú leis an bhFás: an Soláthar Poiblí san Aontas Eorpach. Feabhas a chur ar na cearta atá ag saoránaigh agus gnólachtaí na hEorpa' (2018), arna ullmhú ag an Roinn Beartais A agus Ollscoil Hull don Choiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra, [http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2018/626088/IPOL_STU\(2018\)626088_EN.pdf](http://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/STUD/2018/626088/IPOL_STU(2018)626088_EN.pdf)

